


Srianta ar an idirlíon

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na pleananna atá déanta ag an Rialtas chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An mbaineann tú féin úsáid as na meáin shóisialta? Cad iad na cinn a úsáideann tú?
2. Cad iad na fadhbanna a bhaineann leis na meáin shóisialta, dar leat?
3. Samhlaigh nach raibh do ghuthán cliste agat ar feadh seachtaine. Cad é mar a mhothófá faoi sin?



Ceist 2

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. beartaithe _____
2. Coimisinéir Sábháilteachta _____
3. cumhacht _____
4. fíneálacha _____
5. gléasanna cliste _____
6. achainí _____
7. maoirseacht _____
8. bulaíocht _____
9. ábhar baolach/díobhálach _____
10. féindochar _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair. Pléigh an méid a thuig tú leis an duine in aice leat.

Ceist 4

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a bhí á dhéanamh ag an Aire Cumarsáide, Richard Bruton, i Scoil Náisiúnta Naomh Bríd?

2. Cad atá i gceist leis an Acht Sábháilteachta Ar Líne?
3. Cad a bhí le rá ag Antóin Ó Lachtnáin?

Ceist 5

Féach ar na hiolraí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír. An lagiolraí nó tréaniolraí iad? Mura bhfuil tú cinnte, féach san fhoclóir.

- dlíthe
- fíneálacha
- comhlachtaí
- pleananna
- beartais
- ábhair
- cearta

Bain amach na lúbíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart d'iolra na n-ainmfhocal sna bearnaí. Cuir in iúl, chomh maith, cé acu lagiolra nó tréaniolra atá i gceist.

1. Nach bhfuil líon na _____ (duine) a thagann anseo gach lá dochreidte?
2. Níl clár ama na _____ (traein) ar fáil ar líne.
3. Cá bhfuil leithreas na _____ (fear)?
4. Chaith an bheirt acu uair an chloig ag plé na _____ (ceist) ar fad.
5. Bhí Lá Idirnáisiúnta na _____ (Bean) ann le déanaí.
6. Ní dóigh liom go bhfuil tuarastal na _____ (freastalaí) ard go leor.
7. Tá Sinéad ag tabhairt amach na _____ (bileog) faoi láthair.

Ceist 6

'...ar aon ghné...'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **gné** thuas? An mbíonn séimhiú ann sa chomhthéacs sin i gcónaí? Cuir roinnt samplaí ar fáil chun an riail a léiriú.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. beartaithe	<i>decided</i>
2. Coimisinéir Sábháilteachta	<i>Safety Commissioner</i>
3. cumhacht	<i>power</i>
4. fineálacha	<i>finis</i>
5. gléasanna cliste	<i>smart devices</i>
6. achainí	<i>a request; a demand</i>
7. maoirseacht	<i>supervision</i>
8. bulaíocht	<i>bullying</i>
9. ábhar baolach/díobhálach	<i>dangerous/harmful material</i>
10. féindochar	<i>self-harm</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

dlíthe – tréaniolra
fineálacha – tréaniolra
comhlachtaí – tréaniolra
pleananna – tréaniolra
beartais – lagiolra
ábhair – lagiolra
cearta – lagiolra

1. Nach bhfuil líon na **ndaoine** a thagann anseo gach lá dochreidte? (*tréaniolra*)
2. Níl clár ama na **dtraenacha** ar fáil ar líne. (*tréaniolra*)
3. Cá bhfuil leithreas na **bhfear**? (*lagiolra*)
4. Chaith an bheirt acu uair an chloig ag plé na **gceisteanna** ar fad. (*tréaniolra*)
5. Bhí Lá Idirnáisiúnta na **mBan** ann le déanaí. (*neamhrialta*)
6. Ní dóigh liom go bhfuil tuarastal na **bhfreastalaithe** ard go leor. (*tréaniolra*)
7. Tá Sinéad ag tabhairt amach na **mbileog** faoi láthair. (*lagiolra*)

Ceist 6

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann **aon** san iolra agus san uatha. Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **aon** má thosaíonn sé le *d*, *s* ná *t*. Mar shampla: *aon dréacht, aon teach*.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá sé beartaithe ag an Rialtas dlíthe nua a thabhairt isteach chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte. Tá sé beartaithe Coimisinéir Sábháilteachta a cheapadh a mbeidh sé de chumhacht aige fíneálacha nó an dlí a chur ar chomhlachtaí a bhriseann an dlí.

Tomás Ó Mainín

I Scoil Náisiúnta Naomh Bríd i nGlas Naíon, i mBaile Átha Cliath, a bhí an tAire Cumarsáide, Richard Bruton, inniu agus é ag fógart phleananna an Rialtais chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte. Tá an t-idirlíon agus na gléasanna cliste, mar a thugtar orthu, snite isteach i ngach aon ghné den saol anois. Ach leo sin, tagann baol ó nithe, suíomhanna¹ agus ábhair nach bhfuil chomh cliste.

Tá achainí á déanamh ar an Rialtas le tamall, beartais a chur i bhfeidhm a chuirfeadh iachall² ar ghnólachtaí freagracht agus maoirseacht a dhéanamh ar an ábhar atá ar a suíomhanna.

Inniu, dúirt an tAire go raibh sé beartaithe Acht Sábháilteachta Ar Líne a chur i bhfeidhm. Beidh ar ghnólachtaí cód sábháilteachta a chur i bhfeidhm; faoi sin ní bheidh aon chead ábhar a dhéanfadh bulaíocht nó ábhar baolach maidir le féindochar a chur ar shuíomh. Tá sé beartaithe Coimisinéir a cheapadh chun na dlíthe a chur i bhfeidhm, ina measc sin, an chumhacht chun ábhar a thógáil den idirlíon; nó fíneálacha nó an dlí a chur ar chomhlachtaí as na dlíthe a shárú.

Antóin Ó Lachtnáin, Digital Rights Ireland

Tá súil againn go n-éireoidh leis seo, ach tá amhras orainn, mar is fadhb fhíordheacair í seo agus tá a lán gnéithe de...ní hamháin an dlí agus ní hamháin an t-ábhar... ábhar díobhálach, mar a thugtar air. Tá a lán dlíthe ann faoi, mar shampla, faoi mhaistíneacht ar an idirlíon cheana féin, ach níl siad dáiríre á gcur i bhfeidhm i gceart. Agus, an taobh eile de, tá ráite ag an gCoimisiúin Dlí ná go bhfuil oideachas an-tábhachtach agus níl a dhóthain á rá faoi...ag an Aire faoin méid a dhéanfar faoi oideachas ceart a thabhairt do mhúinteoirí agus tuismitheoirí agus do na leanaí féin.

Tomás Ó Mainín

Tá tréimhse chomhairleoireachta leis an bpobal beartaithe ar feadh sé seachtaine anois, agus súil reachtaíocht a réiteach ina dhiaidh sin.

Tomás Ó Mainín, Nuacht TG4.

¹ *suímh* an leagan caighdeánach ach tá *suíomhanna* i dtreis sa chaint le tamall maith de bhlianta, agus á mholadh, dá réir sin, ar tearma.ie agus ar foclóir.ie.

² *iallach* an leagan caighdeánach